Turasóireacht Acla
Oileán Acla, Co. Mhaigh Eo
Tel: 098 47353
www.achilltourism.com

Siúlóid A

Ón gcarr-chlós is ísle ag Trá Chaoim, lean an chlaí fód siar ag siúl comhthreomhar leis. Cé go bhfuil an t-ardú géar is fiú an t-iarracht a thógann go barr ailt tú, áit a bhfuil radharc iontach le fáil. Is féidir beann ghriancloch Cruachán (ó thuaidh), Sliabh Mór (soir ó thuaidh) agus Ailltreacha Mhionnán (soir ó dheas) a fheiceáil go soiléar.

Nuair a shroicheann tú barr ailt is féidir corbhealach a thógáil ar chlé chomh fada le teach faire **(1)** atá lonnaithe ar Ceann Mairteog, 198m os coinn na farraige. Ón teach faire coinnigh ort ar bharr ailt siar ó thuaidh ag leanacht an chlaí briste fód (coinnigh isteach ón imeall). Siar ó thuaidh gobann Ceann Acla amach san Altantach. Is fiú am a thógáil chun breathnú soir ó thuaidh dtreo **Gob Rua Corach**. Lean ort ar barr ailt soir ó thuaidh. Tá baile bhuaile Bun na hAbhna (2) le feiceáil isteach faoin dtír uait. Trasnaigh an abhann agus coinnigh ort ar feadh 250m ag ardú suas os coinn na habhna. Iompaigh ar dheis anseo, agus ag siúl comhthreomhar le cúrsa na habhna ach ag leibhéal níos airde, lean ort ar ais I dtreo An Chaoim, áit a bhfuil go leor gnéithe suimiúla **(3,4,5)**. Tógann sé seo ar ais chuig an carr-chlós ag aoim tú.



Turasóireacht Acla
Oileán Acla, Co. Mhaigh Eo
Tel: 098 47353
www.achilltourism.com

Siúlóid A (p.2)

Pointí suimiúla:

(1) Tógadh teach faire ag Ceann Mairteog le súil a choinneáil ar na báid cogaidh amach ón gcósta.

Gob Rua Corrach: Rinne Robert Lloyd Praeger ina leabhar “The Way That I Went” cur síos ar an tsiúlóid mar sea leanas:- “You will obtain changing and ever-wonderful views of the wild cliffs of Achill Head which will remain long in your memory”.

(2) Bhí **buaile** le seacht dteach déag I **mBun na hAbhna** in am. Tá sé anois ina fhothrach. Bhí cónaí ar daoine sna tithe i rith an t-Samhraidh agus iad ag fasaíocht na mbó. (Féach leathanach 66 chomh maith).

(3) Tá fothrach eastáit an Chaptaen Boycott le fáil anseo. Ba tiarna talún a bhí I mBoycott a tháinig go hAcaill sa mbliain 1857. Thóg sé talamh ar léas ag Bá na Céime agus thóg sé teach cónaithe agus foirgnimh eile ann. Dódh a theach áfach agus b’éigean dó aistriú go Teach a’Choire Mhóir (gar do Loch a’Choire Mhóir). Sá bhliain 1877 d’aistrigh sé go Baile an Róba, agus is anseo a chas sé le Micheál Mac Daibhid agus le Ceist na Talún agus an Land League. Moladh do na tionóntaí áitiúla gan an cíos mí-chothrom a íoc leis, agus gan aon obair a dhéanamh dó. Is mar gheall ar sin a fuair a ainm isteach ins an teanga Bhéarla. Ciallaíonn ‘boycott’ agus duine a sheachaint go hiomlán.

(4) Tá **altóir** anseo, áit a ndeirtí an t-aifreann in Aimsir na bPéindlíthe. Chuir na Péindlíthe cosc ar Caitlicigh a saol eacnamaíochta ná sóisialta a fheabhsú. Ní raibh cead ag Caitlicigh suíochan a thógáil I bParlaimint ná aon phost rialtais a ghlacadh. Ní raibh cead acu talamh a cheannacht ná capall a bheith acu a raibh luach níos mó ná £5 air. Bhí cosc curtha ar shagairt Aifreann a cheiliúradh ach choinnigh siad orthu ag léamh an Aifrinn faoi rún in áiteanna iargúlta.

(5) Tá sean-**stáisiún an ghárda chósta** ag Chéim.

Bhí Iascaireacht Liamhán Gréine Acla ag feidhmiú ó Trá na Céime ó lár na ndaicheadaí. Sé an liamhán gréine an dara mamach is mó ar domhain. Sna blianta tosaigh ceaptaí in eangacha iad a bhí ceangailte leis na hailt agus maraítí iad le harpún ó gcurrach. Ansin tharraingíodh na báid mhóra na siorcanna chomh fada le Céibh a’Phoirtín níos fuide soir, áit a ndeintí próiseáil orthu agus a mbaintí an ola as an ae. Bhí borradh mór ar an dtionscal ó lár na ndaicheadaí go dtí na caogaidí. Tháinig laghdú mór ar líon na siorcanna sna seascaidí agus sna seachtóidí áfach agus tháinig deireadh leis an iascaireacht seo.